MOO CREW
SCÉIM BAINNE SCOILE

# Bileog Gníomhaíochta
## Sóisearach 5

# Ón bhFéar go dtí do Mhéar

**Léigh faoi tháirgeadh bainne thíos.**
**Cuir uimhir ar na habairtí san ord ceart.**
**Ar an gcéad leathanach eile, léirigh agus lipéadaigh gach céim de tháirgeadh bainne.**

**Céim _____ :** Déantar ba a bhleán dhá uair sa lá sa bhleánlann. Stóráiltear an bainne a bhailítear faoi bhun 4° Celsius in umar bainne agus bailítear é ón bhfeirm ag tancaeir chuisnithe gach 2-3 lá.

**Céim _____ :** Mar sin, an chéad uair eile a mbainfidh tú taitneamh as gloine blasta bainne, is féidir leat a bheith cinnte go bhfuil tú ag ól deoch d'ardchaighdeán, nádúrtha agus cothaitheach.

**Céim _____ :** Nuair a thagann an tiománaí chuig an déiríocht, pumpálann sé an bainne amach as a tancaer isteach i gcoimeádáin mhóra chuisnithe. Ansin, déantar an tancaer a ní go cúramach ar an taobh istigh agus ansin tá sé réidh do bhailiúchán an lá dár gcionn.

**Céim _____ :** Déantar an bainne a líonadh isteach i gcoimeádáin éagsúla ansin. Ina dhiaidh sin, luchtaítear leoraithe le crátaí bainne le seachadadh chuig an teach nó chuig an siopa. Déantar cuid de a sheachadadh díreach chuig scoileanna.

**Céim _____ :** Déantar bainne a phaistéarú chun a chinntiú nach bhfuil frídíní ann. Ba é Louis Pasteur a chum paistéaradh, nuair a théitear an bainne go teocht ard ar feadh tréimhse ghearr ama agus ansin fuaraítear é go han-tapa.

**Céim _____ :** Cothaítear bó ar fhéar úr cothaitheach.

**Céim _____ :** Sula mbailítear bainne ón bhfeirmeoir, glacann an tiománaí samplaí chun caighdeán an bhainne a thástáil.

**Céim _____ :** Déantar tástáil ar an mbainne arís ag an déiríocht, an uair seo ag oibrí saotharlainne.

# Ón bhFéar go dtí do Mhéar

| | | | |
|---|---|---|---|
| Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 | Céim 4 |
| Céim 5 | Céim 6 | Céim 7 | Céim 8 |